Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 18 Feabhra 2016
(OR. en)

14144/1/15
REV 1

LIMITE

VISA 365
CODEC 1520
COMIX 588

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2014/0095 (COD)**

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | An Mheitheal um Víosaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13115/15 VISA 333 CODEC 1352 COMIX 501 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 8406/14 VISA 91 CODEC 974 COMIX 202 (COM(2014) 163 final) |
| Ábhar: | Dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear víosa chamchuairte agus lena leasaítear an Coinbhinsiún chun Comhaontú Schengen a chur chun feidhme agus lena leasaítear freisin Rialachán (CE) Uimh. 562/2006 agus Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 |

D'ullmhaigh an Uachtaránacht leagan athbhreithnithe den dréacht-Rialachán thuasluaite, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn, don chruinniú a bheidh ag Comhairleoirí CGB ar an 26 Feabhra 2016, agus an toradh a bhí ar an bplé a rinneadh ag an gcruinniú deireanach den Mheitheal um Víosaí ar an 8 agus ar an 9 Feabhra á chur san áireamh.

Léirítear téacs an dréacht-Rialacháin mar a leasaigh an Mheitheal é **i gcló trom** (téacs nua nó "(…)" i gcás inar scriosadh an téacs)**.** Cuirtear líne faoin téacs nár thángthas ar chomhaontú ina leith fós agus faoin dréachtú nua atá á mholadh ag an Uachtaránacht agus léirítear téacs a scriosadh le […]. Ina theannta sin, aibhsítear na moltaí a tugadh isteach le déanaí mar thoradh ar an gcruinniú a bhí ag an Meitheal um Víosaí ar an 8 agus ar an 9 Feabhra.

Ag an gcruinniú a bheidh ag Comhairleoirí CGB ar an 26 Feabhra 2016, teastaíonn ón Uachtarán an méid a leanas a phléigh go háirithe:

– na roghanna dréachta atá ann maidir le hAirteagal 6 agus le hAirteagal 7;
– scrios féideartha Airteagal 12.

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena mbunaítear víosa chamchuairte agus lena leasaítear an Coinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme agus Rialachán (CE) Uimh. 562/2006 agus Rialachán (CE) Uimh. 767/2008**

## *CAIBIDIL I*

## *FORÁLACHA GINEARÁLTA*

*Airteagal 1*

**Ábhar agus raon feidhme**

1. Leis an Rialachán seo, leagtar síos na coinníollacha agus na nósanna imeachta maidir le víosaí camchuairte.

2. Beidh feidhm aige maidir le náisiúnaigh tríú tíortha nach saoránaigh den Aontas iad de réir bhrí Airteagal 20(1) den Chonradh, agus a thagann faoi na catagóirí seo a leanas:

(a) […] ealaíontóirí, beo-thaibheoirí, […] gairmithe cultúir agus baill dá bhfoirne tacaíochta, chomh maith lena ngar-bhaill teaghlaigh;

(b) […] lúthchleasaithe ardfheidhmíochta agus baill dá bhfoirne tacaíochta, chomh maith lena ngar-bhaill teaghlaigh;

(c) daoine aonair ar náisiúnaigh iad de na tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn II de Rialachán (CE) Uimh 539/2001.

3. Ní dhéanann an Rialachán seo difear d'fhorálacha dhlí an Aontais ná an dlí náisiúnta is infheidhme maidir le náisiúnaigh tríú tíortha a bhaineann le:

(a) cead isteach le haghaidh tréimhsí fanachta is mó ná 90 lá i gcríoch aon Bhallstáit amháin agus an cead gluaiseacht go críoch Ballstát eile a leanann é;

(b) rochtain ar an margadh saothair agus gníomhaíocht eacnamaíoch a dhéanamh, go háirithe maidir le ceanglais na mBallstát aonair i gcás ceadanna oibre agus rialacha maidir le cá háit agus cathain a gcaithfear ceadanna mar sin a fháil.

*Airteagal 2*

**Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 agus Rialachán (CE) Uimh. xxx/201x [an Cód Víosaí (athmhúnlú)]**

1. Beidh feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 maidir le víosaí camchuairte.

2. Beidh feidhm ag Rialachán (AE) Uimh. xxx/201x [an Cód Víosaí (athmhúnlú)] maidir le víosaí camchuairte dá bhforáiltear in Airteagail 4 go dtí 10.

*Airteagal 3*

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo:

(1) beidh feidhm ag na sainmhínithe dá bhforáiltear in Airteagal 2(1), agus in Airteagail (11) go dtí (16) de Rialachán (AE) Uimh. xxx/201x [an Cód Víosaí (athmhúnlú)].

(2) ciallaíonn 'víosa chamchuairte' údarú a eisíonn Ballstát le haghaidh tréimhse fanachta bheartaithe i gcríoch dhá Bhallstát nó níos mó ar feadh 90 lá laistigh d'aon tréimhse 180 lá, ar choinníoll nach bhfanann an t-iarratasóir […] níos mó ná 90 lá laistigh d'aon tréimhse 180 lá i gcríoch aon Bhallstáit amháin;

(3) ciallaíonn 'gar-bhaill teaghlaigh' an céile, an páirtí cláraithe, leanaí cleithiúnacha faoi 18 mbliana d'aois agus tuismitheoirí linbh chleithiúnaigh faoi 18 mbliana d'aois.

(4) ciallaíonn 'foireann tacaíochta' an pearsanra a fhaigheann íocaíocht […] a chuireann aon chúnamh díreach ar fáil d'ealaíontóirí, do bheo-thaibheoirí, do ghairmithe cultúir nó do lúthchleasaithe ardfheidhmíochta, ar cúnamh é atá riachtanach chun go bhféadfar obair na n-ealaíontóirí, na mbeo-thaibheoirí, na ngairmithe cultúir nó na lúthchleasaithe ardfheidhmíochta a chur i gcrích mar is cuí.

***Caibidil II – Coinníollacha agus nósanna imeachta maidir le víosaí camchuairte a eisiúint***

*Airteagal 4*

**Na húdaráis a ghlacfaidh páirt sna nósanna imeachta a bhaineann le hiarratais**

1. Beidh feidhm ag Airteagail 4(1), (3), (4) agus (5), Airteagal 6(1) agus Airteagal 7(2) agus (3) de Rialachán (AE)

Uimh. xxx/201x [an Cód Víosaí (athmhúnlú)].

2. Ní thaiscfear ná ní scrúdófar iarratais agus ní dhéanfar cinneadh maidir leo ag teorainneacha seachtracha na mBallstát.

3. Is é seo an Ballstát a bheidh inniúil ar iarratas ar víosa camchuairte a scrúdú agus a chinneadh:

(a) an Ballstát arb ionann […] a chríoch agus príomhcheann scríbe na cuairte/na gcuairteanna maidir le fad tréimhse fanachta, comhairthe i laethanta, nó

(b) mura féidir an príomhcheann scríbe a chinneadh, an Ballstát arb ionann a chríoch agus chéadcheann scríbe na gcuairteanna.

4. […]

5. […]

6. […]

*Airteagal 5*

**Iarratas**

1. Beidh feidhm ag Airteagal 8(1), (2), […] (6) pointí (a) agus (c) agus (7), Airteagal 9(1) agus (3), Airteagal 10(1), agus (3) go dtí (7), Airteagal 11, pointí (b) agus (c), Airteagal 12, Airteagal 13(1), pointí (a) go dtí (d), […] agus (7), Airteagal […] 14 (2), (3), pointí (a) go dtí (c) agus (e), (4) go (6) agus Airteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. xxx/201x [an Cód Víosaí (athmhúnlú)].

2. Beidh an fhoirm iarratais le haghaidh na víosa camchuairte ar an dóigh atá leagtha amach in Iarscríbhinn I.

2a. Íocfaidh iarratasóirí táille víosa EUR 120. Gearrfar táille EUR 180 ar iarratais ar fhanacht údaraithe ar feadh tréimhse 18 mí[1], dá dtagraítear in Airteagal 7(3a).

3. Sa bhreis ar na critéir atá leagtha amach in Airteagal 11, pointí (b) agus (c) de Rialachán (AE) Uimh. xxx/201x [an Cód Víosaí (athmhúnlú)], taispeánfaidh iarratasóirí doiciméad taistil a aithníonn an Ballstát atá inniúil i dtaobh iarratas a scrúdú agus cinneadh a dhéanamh maidir leis agus aon Bhallstát amháin eile ar a laghad.

4. […]

5. Sa bhreis ar na doiciméid tacaíochta atá liostaithe in Airteagal 13(1) de Rialachán (AE) Uimh. xxx/201x [an Cód Víosaí (athmhúnlú)], taispeánfaidh iarratasóirí:

(aa) i gcás inarb infheidhme, cruthúnas go mbaineann siad le ceann amháin de na catagóirí iarratasóirí a liostaítear in Airteagal 1(2)(a) nó (b) trí bhíthin chonradh fostaíochta an iarratasóra nó aon chonradh (aon chonartha) eile le heagraí(ithe) an turais nó an imeachta (na n-imeachtaí);

(a) cruthúnas iomchuí […] go bhfuil sé beartaithe acu[2] fanacht i gcríoch dhá Bhallstát nó níos mó ar feadh níos mó ná 90 lá laistigh d'aon tréimhse 180 lá gan fanacht níos mó ná 90 lá laistigh d'aon tréimhse 180 lá i gcríoch ceann de na Ballstáit sin;

---

[1] Aistrithe ó Airteagal 7(3b).
[2] Dul ar ais chuig an bhfoclaíocht tosaigh a bhí sa togra ón gCoimisiún.

(b) cruthúnas go bhfuil árachas tinnis bailí acu i leith na rioscaí uile a chumhdaítear de ghnáth i gcás náisiúnaigh na mBallstát a bhfuiltear le cuairt a thabhairt orthu.

(d) […]

6. Léireofar go bhfuil cóir leordhóthanach agus staid eacnamaíoch cobhsaí ag an iarratasóir le duillíní pá nó ráitis bhainc a chumhdaíonn tréimhse 12 mhí roimh dháta an iarratais agus/nó doiciméid tacaíochta lena léirítear go bhfaighidh na hiarratasóirí cóir airgeadais leordhóthanach go dleathach le linn a dtréimhse fanachta nó go mbeidh an tairbhe sin acu.

7. […]

8. Féadfaidh consalachtaí tarscaoileadh a dhéanamh ar an gceanglas aon doiciméad tacaíochta amháin nó níos mó a thaispeáint sna cásanna a leanas:

(a) más eol go bhfuil an chuideachta a bhfuil an t-imeacht á eagrú acu nó fostóir an iarratasóra ionraic agus iontaofa […], nó

(b) más eol go bhfuil an t-iarratasóir ionraic agus iontaofa […] (…)

9. […]

*Airteagal 6*

**Iarratas a scrúdú agus cinneadh a dhéanamh maidir leis**

1. Beidh feidhm ag Airteagal 16 agus Airteagal 17, Airteagail 18(1), (4), (5), (9), (10) agus (11), Airteagal 19 agus Airteagal 20(5), an abairt dheireanach, de Rialachán (AE) Uimh. xxx/201x [an Cód Víosaí (athmhúnlú)].

2. Sa bhreis ar na seiceálacha dá bhforáiltear in Airteagal 17(1) de Rialachán (AE) Uimh. xxx/201x [an Cód Víosaí (athmhúnlú)] chun a mheas an bhfuil an t-iarratas inghlactha, seiceálfaidh an chonsalacht inniúil an gcomhlíonann an doiciméad taistil an ceanglas atá leagtha amach in Airteagal 5(3).

3. Ina chuid den scrúdú ar iarratas ar víosa chamchuairte beidh, go háirithe, an measúnú ar an gceist an bhfuil cóir mhaireachtála airgeadais leordhóthanach ag na hiarratasóirí d'fhad iomlán na tréimhse fanachta atá beartaithe, lena n-áirítear cóiríocht, mura soláthróidh an chuideachta, an eagraíocht nó an institiúid a thug an cuireadh nó a bheidh ina óstach an cóir mhaireachtála sin.

ROGHA A

4. Déanfar an scrúdú ar iarratas ar víosa chamchuairte agus an cinneadh maidir leis gan aird a thabhairt ar thréimhsí fanachta a údaraíodh faoi víosa ghearrfhanachta nó faoi tharscaoileadh víosa gearrfhanachta, faoi víosa fadfhanachta nó faoi chead cónaithe a eisíodh roimhe sin.

Rogha B

4. Fíoróidh an chonsalacht an mbeidh na hiarratasóirí tar éis fanacht i gcríoch na mBallstát le linn aon cheann den 90 lá roimh an tréimhse fanachta atá beartaithe beag beann ar thréimhsí féideartha fanachta a údarófar le víosaí fadfhanachta náisiúnta nó le ceadanna cónaithe.[1]

[1] I gcás ina nglactar rogha B, ba cheart mír 7(3) a chur le hAirteagal 7.

5. Déanfar cinneadh maidir le hiarratais laistigh de […] 35 lá féilire ó dháta cur isteach iarratais inghlactha. I gcásanna eisceachtúla, féadfar fadú suas le 60 lá féilire a chur leis an tréimhse sin.

*Airteagal 7*

**An víosa chamchuairte a eisiúint**

1. Beidh feidhm ag Airteagal 21(6), Airteagal 24(1), (3) agus (4), Airteagal 25, Airteagal 26(1) agus (5), Airteagal 27 agus Airteagal 28, Airteagal 29(1), pointe (a)(i) go dtí (iii), (v) agus (vi) agus pointe (b), agus Airteagal 29(3) agus (4) de Rialachán (AE) Uimh. xxx/201x [an Cód Víosaí (athmhúnlú)].

2. Leis an víosa chamchuairte, ceadófar iliontrálacha i gcríoch na mBallstát uile, gan dochar do mhír 5.

ROGHA A

3. Socrófar fad tréimhse fanachta údaraithe ar bhonn mionscrúdú ar an iarratas. Ní mhairfidh tréimhse fanachta údaraithe níos mó ná bliain amháin in aon tréimhse dhá bhliain […].

ROGHA B

3. Socrófar fad tréimhse fanachta údaraithe ar bhonn mionscrúdú ar an iarratas. Ní mhairfidh tréimhse fanachta údaraithe níos mó ná bliain amháin […].

3a. I gcás na n-iarratasóirí a thagann faoi na catagóirí a liostaítear in Airteagal 1(2)(a) nó (b), féadfaidh an tréimhse fanachta maireachtáil 18 mí ar a mhéad, ar an gcoinníoll gurb eol don chonsalacht go bhfuil eagraí(ithe) an turais nó an imeachta (na n-imeachtaí) nó fostóir an iarratasóra ionraic agus iontaofa.

3b. […][1]

[1] Aistrithe go hAirteagal 5(2a).

4. Freagróidh tréimhse bailíochta na víosa camchuairte d'fhad na tréimhse fanachta údaraithe laistigh de limistéar Schengen […].

5. Má bhíonn doiciméad taistil ag iarratasóirí nach n-aithnítear […] sna Ballstáit uile, ní bheidh an víosa chamchuairte bailí ach amháin i gcás chríoch na mBallstát ina n-aithnítear an doiciméad taistil […].

6. Eiseofar an víosa chamchuairte san fhormáid aonfhoirmeach do víosaí atá leagtha amach i Rialachán (CE) Uimh. 1683/9543 ón gComhairle agus ceannteideal air ar a bhfuil an litir 'T' lena sonraítear cineál na víosa.

7. Sa bhreis ar na cúiseanna diúltaithe atá liostaithe in Airteagal 29(1) de Rialachán (AE) Uimh. xxx/201x [an Cód Víosaí (athmhúnlú)], diúltófar víosa a thabhairt más rud é, maidir leis na hiarratasóirí […]:

(-a) nach soláthróidh siad cruthúnas go bhfuil feidhm ag ceann de na catagóirí iarratasóirí atá liostaithe in Airteagal 1(2)(a) nó (b), más infheidhme, maidir leo;

(a) nach soláthróidh siad cruthúnas iomchuí go bhfuil sé beartaithe acu fanacht i gcríoch dhá Bhallstát nó níos mó ar feadh tréimhse níos mó ná 90 lá laistigh d'aon tréimhse 180 lá gan fanacht ar feadh níos mó ná 90 lá laistigh d'aon tréimhse 180 lá i gcríoch aon cheann de na Ballstáit sin;

(b) nach soláthróidh siad cruthúnas go bhfuil árachas breoiteachta bailí acu i leith na rioscaí uile a chumhdaítear de ghnáth i gcás náisiúnaigh na mBallstát a bhfuiltear chun cuairt a thabhairt orthu;

(c) […]

(d) […]

I gCÁS INA ROGHNAÍTEAR ROGHA B IN AIRTEAGAL 6(4)

[e. go mbeidh siad tar éis fanacht i gcríoch na mBallstát le linn aon cheann den 90 lá roimh an tréimhse fanachta atá beartaithe ar bhonn víosa aonfhoirmeach, víosa a mbeidh bailíocht theoranta chríochach aici nó díolúine ón gceanglas víosa de bhun Rialachán (CE) Uimh. 539/2001.]

8. Tabharfar fógra don iarratasóir i dtaobh cinneadh lenar diúltaíodh iarratas agus na gcúiseanna ar a bhfuil an diúltú bunaithe trí bhíthin na foirme caighdeánaí atá leagtha amach in Iarscríbhinn II.

*Airteagal 8*

**Víosa a eisíodh a mhodhnú**

1. Beidh feidhm ag Airteagal 30 [...] agus Airteagal 31(1) go <u>(3) agus</u> (5), (7) agus (8) de Rialachán (AE) Uimh. xxx/201x [an Cód Víosaí (athmhúnlú)].

2. […]

3. […]

4. […]

5. […]

6. […]

7. […]

8. […]

9. […]

10. […]

11. […]

12. […]

[…] 2. Cuirfear cinneadh maidir le neamhniú nó cúlghairm víosa camchuairte agus na cúiseanna leis in iúl don iarratasóir trí bhíthin na foirme caighdeánaí atá leagtha amach in Iarscríbhinn II.

*Airteagal 12*

**Leasú ar an gCoinbhinsiún chun Comhaontú Schengen a chur chun feidhme**

Cuirfear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 20(2) den Choinbhinsiún chun

Comhaontú Schengen a chur chun feidhme:

'2. Ní dhéanfaidh mír 1 difear don cheart atá ag gach Páirtí Conarthach tréimhse fanachta eachtrannaigh a shíneadh thar 90 lá

ina chríoch i gcásanna eisceachtúla.'

*Airteagal 13*

**Leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 562/2006**

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 562/2006 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 5 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

'(b) víosa bhailí a bheith acu, má tá sin ceangailte de bhun Rialachán (CE) Uimh. 539/2001* ón gComhairle nó víosa chamchuairte bhailí a bheith acu mar a shainmhínítear in Airteagal 3(2) de Rialachán (AE) Uimh. xxx/201x an xxx **, nó cead cónaithe bailí nó víosa fadfhanachta bhailí a bheith acu;

---

* Rialachán (CE) Uimh. 539/2001 ón gComhairle an 15 Márta 2001 lena liostaítear na tríú tíortha nach mór dá náisiúnaigh víosa a bheith acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha dóibh agus na tríú tíortha a bhfuil a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin (IO L 81, 21.3.2001, lch. 1).

** Rialachán (AE) Uimh. xxx/201x ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an xx.xx.201x lena mbunaítear víosa chamchuairte agus lena leasaítear an Coinbhinsiún chun Comhaontú Schengen a chur chun feidhme agus Rialachán (CE) Uimh. 562/2006 agus Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 (IO L xxx).'

(b) […]

(c) cuirtear isteach mír 3a seo a leanas:

‘3a. Beidh feidhm ag míreanna 1 […] agus 2 *mutatis mutandis* maidir le hiontrálacha a bhaineann le tréimhsí fanachta ar bhonn víosa chamchuairte bhailí.'

(2) leasaítear Airteagal 7(3) mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (aa):

'(aa) má bhíonn víosa nó víosa chamchuairte dá dtagraítear in Airteagal 5(1)(b) ag an náisiúnach tríú tír, déanfar fíorú aitheantais shealbhóir na víosa/víosa camchuairte agus fíorú údaracht na víosa/víosa camchuairte trí dhul i muinín an Chórais Faisnéise Víosaí mar chuid de na mionseiceálacha a dhéanfar tráth na hiontrála i gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***;

---

*** Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir leis an gCóras Faisnéise Víosaí (VIS) agus maidir le sonraí ar víosaí gearrfhanachta a mhalartú idir Bhallstáit (Rialachán VIS), (IO L 218, 13.8.2008, lch. 60).'

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt dheireanach de phointe (ab):

'Os a choinne sin, sna cásanna uile ina bhfuil amhras ann maidir le haitheantas shealbhóir na víosa agus/nó na víosa camchuairte, rachfar i muinín an Chórais Faisnéise Víosaí go córasach, le huimhir an ghreamáin víosa agus fíorú na méarlorg.'

(c) i bpointe (c), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (i):

'(i) fíorú go bhfuil víosa bhailí ag an duine, má tá sin ceangailte de bhun Rialachán (CE) Uimh. 539/2001, nó víosa chamchuairte bhailí aige, ach amháin i gcás ina bhfuil cead cónaithe bailí nó víosa fadfhanachta bhailí aige nó aici; d'fhéadfadh an fíorú sin teacht salach ar an gCóras Faisnéise Víosaí a cheadú i gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008;'

*Airteagal 14*

**Leasú ar Rialachán (CE) Uimh. 767/2008**

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

'Leis an Rialachán seo, sainítear cuspóir fheidhmiúlachtaí agus freagrachtaí an Chórais Faisnéise Víosaí mar a bhunaítear le hAirteagal 1 de Chinneadh 2004/512/CE. Cuirtear ar bun leis an Rialachán seo na coinníollacha agus na nósanna imeachta maidir le malartú sonraí idir na Ballstáit i ndáil le hiarratais ar víosaí gearrfhanachta agus víosaí camchuairte mar a shainmhínítear in Airteagal 3(2) de Rialachán (AE) Uimh. xxx/201x an xxx* agus i ndáil le cinntí a bhaineann leis sin, lena n-áirítear cinntí an víosa a chealú, a aisghairm nó a fhadú, chun scrúdú na n-iarratas sin agus cinntí a bhaineann leo a éascú.

---

* Rialachán (AE) Uimh. xxx/201x ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an xx.xx.201x lena mbunaítear víosa chamchuairte agus lena leasaítear an Coinbhinsiún Comhaontú Schengen a chur chun feidhme agus Rialachán (CE) Uimh. 562/2006 agus (CE) Uimh. 767/2008(IO L xxx).'

(2) Leasaítear Airteagal 4 mar a leanas:

(a) cuirtear an pointe seo a leanas le pointe 1:

'(e) 'víosa chamchuairte' mar a shainmhínítear in Airteagal 3(2) de Rialachán (AE) Uimh. xxx/201x;'

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 4 agus phointe 5:

‘4. 'ciallaíonn 'foirm iarratais' an fhoirm iarratais aonfhoirmeach do víosaí in Iarscríbhinn I de Rialachán (CE) Uimh. xxx/201x [an Cód Víosaí (athmhúnlú)] nó in Iarscríbhinn I de Rialachán (AE) Uimh. xxx/201x;

5. ciallaíonn 'iarratasóir' aon duine atá faoi réir an cheanglais víosa de bhun Rialachán (CE) Uimh. 539/2001**, a chuir isteach iarratas ar víosa, nó aon duine a chuir isteach iarratas ar víosa chamchuairte de bhun Rialachán (AE) Uimh. xxx/201x;

---

** Rialachán (CE) Uimh. 539/2001 ón gComhairle an 15 Márta 2001 lena liostaítear na tríú tíortha nach mór dá náisiúnaigh víosaí a bheith acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha dóibh agus na tríú tíortha a bhfuil a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin (IO L 81, 21.3.2001, lch. 1).
’

(3) […]

*Airteagal 16*

**Teacht i bhfeidhm**

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

2. Beidh feidhm aige ón [[...] 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

3. Beidh feidhm ag Airteagal 12 ón [cúig bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

4. Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.